Dréacht-Thuarascáil Féinmheasúnaithe
Roinn Acadúil

Cothú Feabhais

Clár do Ranna Acadúla
2002-2003

Coláiste Phádraig

Dréacht-theimpléad le haghaidh Tuarascáil Féinmheasúnaithe

1 Réamhrá

Aithnítear cur chun cinn an fheabhais mar eochairchuspóir de chuid phlean straitéiseach an Choláiste le haghaidh 1999-2004 (1.5). Chun go mbeifear in ann na riachtanais, maidir le dearbhú feabhais a éiríonn de bharr Acht na nOllscoileanna (1997), a shásamh, tá i gceist ag an gColáiste glacadh le múnla na nOllscoileanna chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheabhas caighdeáin, agus an múnla úd a athrú, de réir mar is gá, chun freagairt go sásúil do phróifíl uathúil is do thréithe sainiúla an Choláiste.

I gcás gach aon Roinne a bhfuil athbhreithniú le déanamh ar fheabhas a cuid oibre, tá trí chéim sa phróiseas:

(a) Féinmheasúnú
(b) Athbhreithniú ag piarghrúpa agus aiseolas ó na rannpháirtithe
(c) Bearta iar-athbhreithnithe: gníomhaíochtaí a eascraíonn as ceisteanna a tháinig aníos i rith an phróisis.

Déanfar na gnáthaimh athbhreithnithe a leasú gach bliain i bhfianaise an aiseolais a gheobhfar ó na rannpháirtithe. Tá sé i gceist ag an Dréacht-Theimpléad Féinmheasúnaithe obair an fhéinmheasúnaithe a dhéanamh níos éasca. Déanfar athbhreithniú ar an dréacht-theimpléad tar éis gach timthriall athbhreithniú feabhais.

An sprioclá le haghaidh na dtuarscálacha féinmheasúnaithe agus na gcáipéisí eile a théann leo ná mí roimh chuairt an Ghúpa Piar-Athbhreithnithe.

Ba chóir go mbeadh sonraí faoin choiste comhordaithe, agus gearrchuntas den mhodheolaíocht a úsáideadh, i réamhrá bhur dtuarascála.

Ba chóir achoimre feidhmiúcháin a chur sa tuarascáil leis.

Clár-ábhar na Tuarascála

Cúlra agus comhthéacs

Eagrúchán agus Bainistíocht

Pleanáil agus Meastóireacht

Cáir agus Cúrsaí

Measúnú Caighdeáin agus Feabhsú

Teagasc agus Foghlaim

Léann Scolártha agus Taighde

Seirbhís Phobail

An Stádas Reatha agus Pleananna maidir le Feabhsú

Plean Roinne

Plean Straitéiseach an Choláiste

Clár na nÁbhar sa Mhórthuarascáil

1 Cúlra agus Comhthéacs

1.1 Cúlra agus Réamhrá ag cur síos ar an Roinn

Déantar cur síos gearr ar stair na Roinne le blianta beaga anuas, ag cur béime ar na mórphointí forbartha (pearsanra san áireamh), sna cúig bliana seo thart ach go háirithe.

1.2 Forbairtí agus an Stádas Reatha

1.2.1 Léirítear i bhfoirm tábla, táirgeacht na gcéimeanna Baitsiléire, Máistreachta agus Dochtúireachta le cúig bliana anuas.

1.2.2 Tugtar sonraí faoi líon na mac léinn ar rolla reatha na roinne. B'fhéidir gur mhian libh tagairt a dhéanamh do na táblaí sa rannóg ar Chláir agus Cúrsaí.

1.2.3 Déantar cur síos go hachomair ar chóiriú reatha na foirne.

Is féidir go mbeadh an fhoirm tháblach seo a leanas ina cabhair.

Ainm Fir./Bain. Aoisbhanda cúig bliana Blianta i gCol. Phádraig Priomhcháilíochtaí

Blianta ag teagasc in ollscoileanna/coláistí eile Blianta ag teagasc i scoileanna Buan/ar conradh/páirtaimseartha/ ar iasacht Saoire a tógadh le deich mbliana anuas (Sea/ní hea)

Foireann Acadúil
Ceann na Roinne
Léachtóirí Sinsir
Léachtóirí
Cúntóirí iarchéime/taighde

Foireann riaracháin:
Ardoifigeach Feidhmiúcháin
Oifigeach Feidhmiúcháin
Oifigeach Cléireachais

Foireann eile (de réir mar is iomchuí)

1.3 Aidhmeanna agus Cuspóirí

Tugtar ráiteas gairid faoi aidhmeanna ginearálta agus cuspóirí na Roinne maidir le foghlaim agus teagasc, taighde agus réimsí eile oibre.

2 Eagrúchán agus Bainistíocht

2.1 Struchtúir agus nósanna imeachta

2.1.1 Forbhreathnú ar struchtúir thuairiscithe an Choláiste

2.1.2 Forbhreathnú ar oibriúchán agus ar struchtúr na Roinne (m.sh. coistí)

2.1.3 Struchtúr Bhainistíocht na Roinne

Tugtar cuntas ar conas a bhainistítear an Roinn, agus ballraíocht coistí (agus minicíocht na gcruinnithe) san áireamh sa chuntas.
Is féidir cóipeanna de na téarmaí tagartha, a bhaineann le hábhair, a chur leis an gcuntas agus tagairtí a dhéanamh do na haguisíní sin.

2.1.4 Ceann na Roinne

Tugtar ainm Cheann na Roinne agus coinníollacha a théarma ceapúcháin (buan, uainíocht, gníomhach).

2.1.5 Córais Tacaíochta na Roinne

Déantar cur síos ar na córais tacaíochta atá ar fáil faoi láthair le haghaidh na Roinne agus déantar ráiteas faoin tslí ina n-athróidh, nó inar cheart dóibh seo athrú amach anseo.

2.1.6 Ualach Oibre na Foirne Acadúla

Tugtar eolas iomlán maidir le hualach oibre gach aon bhaill den fhoireann acadúil: líon na n-uaireanta i mbun léachtóireachta, ranganna teagaisc, srl., uaireanta teagmhála, scríobh agus ceartú scrúduithe srl. le haghaidh gach aon chúrsa. Is féidir é seo a dhéanamh trí tagairt a dhéanamh do thorthaí bliantúla staitisticí na Roinne, nó trí táblaí nó cairteanna cuí a chur leis an tuairisc mar aguisín.

2.1.7 Uainíocht Freagrachtaí agus Dualgaisí Teagaisc

An bhfuil polasaí ag an Roinn ar uainíocht na bhfreagrachtaí riaracháin agus na ndualgaisí teagaisc neamhspeisialaithe? I gcás cláir, cad é an polasaí i leith uainíocht ról stiúraitheoir an chláir? Déantar cur síos ar aon athrú a rinneadh le déanaí agus tugtar na cúiseanna a bhí leis an athrú.

2.1.8 Cén socrú atá ann le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar eagrúchán agus ar bhainistíocht na Roinne?

2.1.9 Bainistíocht Pearsanra

Tugtar gearrchuntas ar pholasaí agus ar chleachtas na Roinne orthu seo a leanas:

- Earcaíocht foirne
- Oiliúint agus athnuachan foirne
- Tacaíocht leanúnach agus misniú

3 Pleanáil agus Meastóireacht

3.1 Déantar cur síos ar ghnáthchleachtais pleanála

Cad iad na sonraí a bhailítear agus a ndéantar anailís orthu go córasach le linn ghnáthoibriúchán riarachán na Roinne? (Cuirtear sa chuntas chomh maith táblaí achoimrithe nó grafanna ábhartha).

3.2 An bhfuil plean straitéiseach ag an Roinn? Má tá, tugtar achoimre air ag cur béime ar phríomhchuspóirí an phlean agus ar an mbaint atá acusan le Plean Straitéiseach an Choláiste.

3.3 Meastóireacht

Cad iad na nósanna imeachta a úsáideann an Roinn le haghaidh meastóireacht leanúnach ar a cuid oibre?

4 Cláir agus Cúrsaí

4.1 **Cláir**

(Sa cháipéis seo, is ionann Clár is Céim, Dioplóma nó Teastas; is éard atá i gCúrsa ná modúl taobh istigh de na Cláir seo). Liostaítear na Cláir bunchéime agus dioplóma a ndéanann an Roinn aon obair dóibh.

4.1.1 Blianta

1. B.Oid.
   % Clár lánaimseartha
   Líon na mac léinn

2. B.A.
% Clár lánaimseartha
Líon na mac léinn

3. Teastas sa Léann Reiligiúnda
% Clár lánaimseartha

4. Eile

Tugtar sonraí faoi fhoinse na sonraí thuas i ngach cás.

4.1.2 Liostaítear Cláir iarchéime múinte agus Cláir dioplóma a ndéanann an Roinn aon obair dóibh.

Blianta
1. Dioplóma sa Teagasc
% Cúrsa / Clár lánaimseartha
Líon na mac léinn

2. Dioplóma Iarchéime i dTacaíocht Fhoghlama
% Clár lánaimseartha
Líon na mac léinn

3. Dioplóma Iarchéime sa Teagasc Speisialta
% Clár lánaimseartha
Líon na mac léinn

4. M.Oid.
% Clár lánaimseartha
Líon na mac léinn

5 M.A%
Clár lánaimseartha
Líon na mac léinn

6 Ph.D
% Clár lánaimseartha
Líon na mac léinn

4.1.3 Déantar ráiteas gairid faoi na hAidhmeanna agus na Cuspóirí atá le gach Clár bunchéime agus iarchéime.

Clár	Aidhmeanna agus Cuspóirí
Bunchéim	
1. (m.sh.	
2.	
Iarchéim	
1. (m.sh.	
2.	

4.1.4 Déantar cur síos, in alt gearr amháin, ar an gClár, ag míniú conas a bhaineann sé le hábhar, conas atá sé comhleanúnach, suas-chun-dáta agus cothromaithe.

4.1.5 I bhfoirm tháblach, tugtar sonraí faoi na grádanna a baineadh amach le cúig bliana anuas.

4.2 Athbhreithniú

4.2.1 Cad iad na socruithe atá ann le haghaidh uasdátú agus bunathbhreithniú a dhéanamh ar na cláir?

4.3 Earcaíocht Mac Léinn

4.3.1 B'fhéidir gur mhian libh ráiteas a dhéanamh faoi na socruithe reatha le haghaidh earcú mac léinn. An bhfuil aon mholadh agaibh chun feabhas a chur ar an scéal?

4.3.2 Cad iad na socruithe atá ann le haghaidh malartú idirnáisiúnta? Déantar cur síos ar thaithí mac léinn iasachta ar cuireadh fáilte rompu le déanaí.

4.4 Eagrúchán agus Bainistíocht na gClár

Tugtar cuntas ar bhainistíocht na gClár.

4.5 Meastóireacht

4.5.1 Cad iad na sonraí, faoi ghnáthoibriúchán riarachán na gClár, a bhailítear agus a ndéantar anailís orthu go córasach?

4.5.2 Conas a iarrtar ar mhic léinn meastóireacht fhoirmeálta a dhéanamh ar na Cláir agus ar an teagasc? Conas a úsaidtear na sonraí seo?

4.5.3 Déantar cur síos (go hachomair) ar na seirbhísí tacaíochta atá ag an Roinn maidir le mic léinn i mbun rogha curaclaim na mac léinn, ionduchtú, teagasc agus teagasc feabhais.

4.6 Cúrsaí

Le haghaidh gach cúrsa, tugtar na sonraí seo a leanas:

- Aidhmeanna agus cuspóirí
- Cur síos
- Acmhainní
- Liostaí léitheoireachta
- Ócáidí le haghaidh comhtháthú / comhoibriú

Tugtar sonraí faoi chúrsaí ar bith, nár cuireadh san áireamh go dtí seo, a mbíonn foireann na Roinne á ndearadh agus / nó á n-éascú (m.sh. cúrsaí inseirbhíse samhraidh).

5. Meastóireacht Feabhais agus Feabhsú

5.1 Cad iad na socruithe atá ann chun aiseolas a chruinniú ó mhic léinn faoi theagasc agus faoi chúrsaí agus chun é sin a mheas (foirmeálta / neamhfhoirmeálta)?

5.2 An ann do pholasaí Roinne i leith fhorbairt leanúnach phroifisiúnta na foirne? Tugtar samplaí de na cineálacha forbartha proifisiúnta a rinneadh le cúig bliana anuas.

5.3 Cad iad na socruithe atá ag an Roinn chun forbairt curaclaim agus athnuachan (cúrsaí nua agus cláir) a éascú?

6. Teagasc agus Foghlaim

6.1 Teagasc

6.1.1 An bhfuil 'torthaí foghlama na mac léinn' sainmhínithe le haghaidh na gClár / Cúrsaí? Tugtar sonraí.

6.1.2 Cén chothromaíocht atá sna Cláir / Cúrsaí idir:

- Ábhair éigeantacha nó ginearálta
- Ábhair roghnacha nó speisialaithe

6.1.3 Cén teagmháil a bhíonn ag gnáth mhac léinn indivíduil leis na modhanna múinte seo a leanas? (á chur in iúl mar chéadatán d'iomlán na n-uaireanta teagmhála).

Modh múinte	Briseadh síos reatha ( )%	Briseadh síos inmhianaithe ( )%
Léachtaí		
Ranganna teagaisc		
Seimineáir		
Cur-i-láthair		
Tionscadail		
Staidéir cáis		
Obair pháirce		
Ranganna praiticiúil		
Eile		

6.1.4 An mbíonn ról ag tréimhse taithí oibre sna Cláir / Cúrsaí? Tugtar sonraí.

6.1.5 Déantar cur síos ar aon mhodh múinte nuálach a úsáidtear.

6.1.6 Cad iad na hábhair chlóite (nó leictreonacha) a chuirtear ar fáil do mhic léinn dá gcúrsaí agus cé chomh minic is a dhéantar athbhreithniú orthu?

6.1.7 Rannpháirtíocht Sheachtrach:
An mbíonn mar chuid de na Cláir / Cúrsaí aon cheann díobh seo a leanas; m.sh. teagasc, obair tionscadail, cuairteanna?

6.1.8 Cad a dhéantar chun forbairt chultúrtha is shóisialta a chothú i measc na mac léinn?

6.2 Meastóireacht

6.2.1 Cad iad na nósanna imeachta atá ann chun meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na mac léinn?

6.2.2 Cad iad na modhanna meastóireachta a úsáidtear?

Modh meastóireachta	Briseadh síos reatha (Iomlán 100%)	An Briseadh síos inmhianaithe (Iomlán 100%)
Scrúduithe scríofa		
Scrúduithe béil		
Tionscadail (cinn chomhoibritheacha san áireamh)		
Leanúnach		
Téiseanna /		
Tráchtais		
Eile		

6.2.3 Déantar ráiteas faoin bhriseadh síos thuasluaite.

6.2.4 Conas a chinntítear go marcálann an fhoireann ar shlí chaighdeánach?

6.2.5 Cad iad na socruithe atá ann (más ann dóibh) chun a chinntiú go dtuigeann mic léinn go soiléir cad go díreach atá ag teastáil le go mbainfear amach gach ceann de na príomhghrádanna amach?

6.2.6 Conas a dhéantar meastóireacht ar obair phraiticiúil (m.sh. cleachtadh múinteoireachta)?

6.2.7 Conas a dhéantar aistí, tuarascálacha tionscadail, téiseanna agus tráchtais a mheas? Conas a chinntítear an caighdeán céanna a bheith ag gach ball den fhoireann i mbun meastóireachta?

6.2.8 Cad iad na téarmaí tagartha seachtracha a úsaidtear (má úsáidtear a leithéid) agus caighdeáin meastóireachta á socrú?

6.2.9 Le haghaidh gach Cláir, cad iad na meánrátaí pas agus onóracha le haghaidh gach bliana den chlár don bhliain acadúil iomlán deiridh (2002-2003)?

	An chéad suí		Foriomlán	
Teip	Pas	Onóracha (dara grád)	Onóracha (céad ghrád)	Pas
Bliain 1	( )%			
Bliain 2	( )%			
Bliain 3	( )%			
Bliain 4	( )%			

6.2.10 An Scrúdaitheoir Seachtrach agus a ról

Ainmnítear an Scrúdaitheoir Seachtrach le haghaidh gach aon chláir agus luaitear conas a roghnaíodh é agus cé chomh fada is a bhí / a bheidh sé ag fónamh mar scrúdaitheoir seachtrach. Déantar cur síos ar a ról maidir leis an gclár. An ndéanann sé tuairiscí rialta a scríobh? Cé na hathruithe (sa chóras) atá ag teastáil?

6.2.11 Cad iad na nósanna imeachta atá ann sa Roinn chun freagairt d'achainí ó mhic léinn maidir le torthaí na scrúduithe? Mar shampla, cad iad na socruithe a dhéantar le linn an tsamhraidh chun cur ar chumas na Roinne freagairt go tapa d'iarrataisí ó Choiste an Choláiste um Achomharc Scrúdaithe?

6.2.12 Cad é meas na Roinne ar chruinneas agus ar iontaofacht na nósanna imeachta reatha le haghaidh measúnú?

6.3 Tacaíocht agus Leas na Mac Léinn

6.3.1 Cad iad na socruithe a dhéantar chun treoir acadúil a thabhairt do mhic léinn agus chun comhairle a chur ar fáil dóibh?

6.3.2 Le haghaidh Cláir / Cúrsa atá 'féinchuimsitheach', tugtar na rátaí críochnaithe / coinneála le haghaidh gach bliana agus líon na mac léinn cláraithe sa chéad bhliain á mheas mar 100%. An ndearnadh aon fhiosrúchán maidir le rátaí seo na mic léinn a éiríonn as an gCúrsa / Clár? Má rinneadh, tugtar eolas faoi sin.

7. Léann Scolártha agus Taighde

7.1 Polasaithe agus Pleanáil

7.1.1 Déantar cur síos ar pholasaí na Roinne maidir le léann scolártha agus taighde.

7.1.2 Déantar cur síos ar láidreachtaí na Roinne agus ar a bhfuil bainte amach aici le cúig bliana anuas maidir le léann scolártha agus taighde.

7.1.3 Conas a thugtar tacaíocht do ghníomhaíocht an taighde agus conas a chothaítear taighde taobh istigh den Roinn? Cad iad na socruithe atá ann chun an taighde a chur chun tosaigh agus a éascú? An ann do pholasaí Roinne maidir le saoire shabóideach le haghaidh na foirne?

7.1.4 An bhfuil an Roinn tar éis na bacainní atá ann maidir le feabhsú an taighde sa Roinn a aithint? (Más ann do bhacainní).

7.1.5 An bhfuil baill den fhoireann páirteach in Ionaid nó in Institiúidí PRTLI-mhaoinithe? Má tá, déantar cur síos ar ghaol na nIonad nó na nInstitiúidí sin leis Roinn.

7.2 Táirgeadh taighde agus Comharthaí den Chur i gCrích.

7.2.1 Tugtar forbhreathnú gearr ar tháirgeadh taighde sa Roinn le cúig bliana anuas, ag baint úsaide as na cinnteidil seo a leanas:

- Leabhair (a údaraíodh)
- Leabhair (a cuireadh in eagar)
- Ailt in irisí molta
- Ailt in irisí eile
- Caibidil i leabhair
- Páipéir a tugadh ag comhdháil
- Léirmheasanna
- Eile

7.2.2 Táirgeadh Proifisiúnta agus Comharthaí den Chur i gCrích.

Tugtar forbhreathnú gearr ar tháirgeadh proifisiúnta bhaill na Roinne le cúig bliana anuas, ag baint úsáide as na cinnteidil seo a leanas:

- Ábhair churaclaim
- Cáipéisí curaclaim
- Eile

7.2.3 Táirgeadh Ealaíonta agus Comharthaí den Chur i gCrích

Tugtar forbhreathnú gearr ar tháirgeadh ealaíonta bhaill na Roinne le cúig bliana anuas, ag baint úsáide as na cinnteidil seo a leanas:

- Léiriú
- Cruthaitheach
- Eile

7.2.4 Liostaítear anseo na foilseacháin is tábhachtaí, dar libh, de chuid bhaill na foirne le cúig bliana anuas. (Ná liostaítear níos mó ná cúig fhoilseachán do gach ball foirne).

7.2.5 Liostaítear na cumainn léinn a bhfuil baill den fhoireann páirteach iontu. Ba chóir aon ról oifigiúil (Uachtarán, Rúnaí, srl.) a lua.

7.2.6 Liostaítear foilsitheoirí agus irisí a bhfuil baill den fhoireann páirteach iontu mar eagarthóirí, léirmheastóirí, mar mholtóirí, srl.

7.3 Ioncam Taighde

7.3.1 Tugtar sonraí faoi chomhoibriú taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta ar bith (idir mhaoinithe is neamhfhoirmeálta) a bhfuil baill fhoireann na Roinne páirteach ann.

7.4 Oiliúint agus Oideachas Iarchéime

7.4.1 Liostaítear líon na mac léinn taighde (M.A., M.Ed. agus PhD), idir pháirtaimseartha is lánaimseartha, atá cláraithe faoi láthair sa Roinn.

7.4.2 Tugtar eolas faoi líon na mac léinn iarchéime (M.A., M.Ed. / PhD) a bhain iarchéim amach le cúig bliana anuas.

8. Seirbhís Phobail

8.1 Polasaithe

8.1.1 Cad é polasaí na Roinne faoin tseirbhís a thugann an Roinn mar aonad, agus baill individiúla na Roinne, do phobal an Choláiste?

8.1.2 Cad é polasaí na Roinne faoin tseirbhís a thugann an Roinn mar aonad, agus baill individiúla na Roinne, don phobal i gcoitinne?

8.2 Déantar cur síos gearr ar chumainn na Roinne le Ranna eile taobh istigh den Choláiste, agus taobh amuigh de, agus le páirtithe leasmhara eile.

8.3 Gníomhaíochtaí

8.3.1 Tugtar sonraí faoina bhfuil déanta ag baill na foirne do shaol an Choláiste mar iomlán. Tugtar eolas faoi bhallraíocht coistí, agus go háirithe, faoi shuíomhanna ar bith mar oifigigh, cosúil le cathaoirleach nó rúnaí i gcoistí, srl.

8.3.2 Cad iad na gníomhartha cultúrtha is sóisialta a eagraítear ag baill na Roinne nó do bhaill na Roinne?

8.3.3 Tugtar sonraí faoi sheirbhís ar bith a dhéanann aon bhall den fhoireann do bhunscoileanna nó do scoileanna iarbhunscoile, nó d'aon soláthraí eile oideachais.

8.3.4 Tugtar sonraí faoi sheirbhís ar bith a dhéanann an fhoireann do na healaíona.

8.3.5 Tugtar sonraí faoi sheirbhís ar bith a dhéanann baill na foirne do scoileanna samhraidh, féiltí, eagraíochtaí pobail, agus faoi obair ar bith a dhéantar don raidió, teilifís, nuachtáin, srl.

9. An Stádas Reatha agus Pleananna Chun Feabhsú

9.1 Foireann, Cóiriú agus Acmhainní

9.1.1 Maidir le próifíl fhoireann na Roinne, déantar ráiteas faoi bhur measúnú orthu seo a leanas (cuirtear ar fáil, más féidir, sonraí cáilíochtúla bunaithe ar shuirbhéanna).

- Próifíl aoise na foirne
- Cothromaíocht inscne
- Meascán speisialtóireachta

9.1.2 An ann d'aon fhadhb speisialta maidir le hearcú foirne, le coinneáil foirne is le cur chun cinn foirne, a théann i bhfeidhm ar theagasc, ar thaighde, srl?

9.1.3 Tugtar forbhreathnú cáilíochtúil ar an spás i seilbh na Roinne.

9.1.4 Maidir leo seo a leanas, déantar a sásúlacht a mheasúnú:

- Cóiriú ina iomláine
- Seomraí teagaisc
- Léachtlanna
- Trealamh closamhairc
- Trealamh saotharlainne
- Trealamh ríomhaireachta

9.1.5 Maidir leo seo a leanas, déantar a sásúlacht a mheasúnú:

- Maoiniú leabharlainne
- Maoiniú taistil
- Trealamh taighde
- Comhaltachtaí iarchéime
- Maoiniú le haghaidh tacaíocht theicniúil nó tacaíocht eile taighde

9.1.6 Déantar cur síos gearr ar an meicníocht trína dtagann an Roinn ar a buiséad. Déantar ráiteas faoi cé acu atá an mheicníocht seo feiliúnach nó nach bhfuil.

9.2 Measúnú na Seirbhísí a Fhaightear

9.2 Luaitear sástacht na Roinne leis na seirbhíse a fhaightear uathu seo a leanas:

- Riarachán lárnach an Choláiste
- Seirbhísí leabharlainne
- Roinn na Seirbhísí Ríomhaireachta

9.3 Anailís LLDB

9.3.1 Tugtar achoimre d'aon anailís LLDB a rinneadh le haghaidh an athbhreithnithe seo. B'fhéidir go mba mhian libh gach rannóg a dhealú ina mionrannóga faoi chúrsaí acadúla, taighde is teicniúla.

9.3.2 Déantar cur síos ar na LÁIDREACHTAÍ atá ag bhur Roinn, ag cur san áireamh cleachtais nuálacha ar bith nó gnáthchleachtais a bhféadfaí aithris a dhéanamh orthu in áit eile sa Choláiste.

9.3.3 Liostaítear na LAIGÍ atá ag cur as do bhur Roinn gur féidir iad a leigheas leis na hacmhainní reatha atá agaibh, agus tugtar eolas faoi na pleananna atá agaibh chun iad a chur ina gceart.

9.3.4 Liostaítear LAIGÍ atá ann de dheasca easpa acmhainní (in ord tábhachta).

9.3.5 Déantar cur síos ar DHEISEANNA ar bith a bhaineann le hábhar, cé acu deiseanna reatha nó tuartha.

9.3.6 Déantar cur síos ar BHAGAIRTÍ ar bith (nó cúiseanna imní), cé acu bagairtí reatha nó tuartha.

9.3.7 Moltar aon fheabhsú struchtúrach go bhféadfaí a dhéanamh i bpolasaithe agus in eagrúchán
an Choláiste a chuirfeadh go mór le héifeacht bhur Roinne.

10. Plean Roinne

10.1 An bhfuil aon leasú / athrú struchtúrach atá, dar leis an Roinn, ag teastáil chun an Léann Scolártha agus an Taighde a chur chun tosaigh?

10.2 Déantar cur síos ar aon athrú a mholtar i réimse na gClár / Cúrsaí agus an teagaisc ag eascairt de bharr an fhéinmheasúnaithe seo nó de bharr phlean straitéiseach na Roinne.

10.3 Déantar cur síos ar aon athrú a mholtar i struchtúr bainistíochta na Roinne ag eascairt de bharr a féinmheasúnaithe nó de bharr phlean straitéiseach na Roinne.

10.4 An bhfuil aon réimse eile gníomhartha atá ar intinn ag an Roinn sa todhchaí ghearrthéarmach: earcaíocht agus coinneáil mac léinn, meascán inscne / náisiúntachta srl?

11. Plean Straitéiseach Choláiste Phádraig agus Pleananna na Roinne

11.1 Plean Straitéiseach Choláiste Phádraig

Déantar cur síos ar conas mar atá pleananna na Roinne ag teacht le Plean Straitéiseach an Choláiste **Beyond 2000 (1999-2004)**.